Coimisiún na Meán

# An Scéim Tuairiscithe Daonlathais Áitiúil:

*Babhta 1*

# Treoir d'Iarratasóirí

Dáta foilsithe:
17 Iúil 2024

Spriocdháta le haghaidh Iarratas:
meán lae, an 17 Meán Fómhair 2024

# Clár Ábhar

1. Réamhrá 3

2. Aidhmeanna agus Téamaí Leathana 3

2.1 Beart Coimhdeach 3

3. LDRS – Babhta 1 4

4. Nósanna Imeachta chun Iarratas a Dhéanamh 4

4.1 Iarratas a Chur Isteach 4
4.2 Clárúchán 4
4.3 Seicliosta an Iarratais 4
4.4 Fíorú Eolais 5
4.5 Dáta Dúnta 5
4.6 Ábhar Rúnda 5
4.7 Saoráil Faisnéise 5
4.8 Cosaint Sonraí 5
4.9 Coinbhleachtaí Leasa 6
4.10 Maoiniú Státchabhrach 6
4.11 An tAcht um Thús Áite do Leanaí 6

5. Nósanna Imeachta Measúnaithe 6

5.1 An Chéim Réamh-Mheastóireachta 7
5.2 An Chéim Measúnaithe Cháilíochtúil 10
5.3 An Chéim Measúnaithe Straitéisigh: 10
5.4 Breithniú an Choimisinéara 11
5.5 An Próiseas Cinnteoireachta 11
5.6 Cinntí Maoinithe 12
5.7 Conraitheoireacht 12
5.8 Séanadh 13

Aguisín 1 – Maitrísí Scórála Measúnaithe 14

An Mhaitrís Scórála Measúnaithe Cáilíochta 14
An Mhaitrís Scórála Measúnaithe Cháilíochtúil 15
An Mhaitrís Scórála Measúnaithe Straitéisigh 16

## 1. Réamhrá

Is é Coimisiún na Meán coimisiún na hÉireann chun craoltóirí agus na meáin ar líne a rialáil, agus chun tacú le forbairt na meán. Tá freagracht air scéimeanna maoinithe éagsúla a oibriú, an Scéim Tuairiscithe Daonlathais Áitiúil ina measc.

Is scéim iriseoireachta í an Scéim Tuairiscithe Daonlathais Áitiúil (“LDRS”) é is aidhm di tacú leis na meáin áitiúla a ról ríthábhachtach a chomhlíonadh maidir le tuairisciú ar institiúidí agus údaráis phoiblí i gcás ina ndéantar breithniú ar shaincheisteanna lena bhfuil tábhacht don phobal amhail na hÚdaráis Áitiúla, Comhairlí Ceantair Bhardasaigh, Comhchoistí Póilíneachta, Fóraim Sláinte Réigiúnacha agus fóraim eile.

Ceapadh an Scéim chun tacaíocht airgeadais spriocdhírithe a chuir ar fáil do sholáthraithe meán agus cleachtóirí iriseoireachta atá i mbaol agus atá chun leas an phobail áitiúil, agus chun tacú le agus méadú ar infhaighteacht ábhair atá cruinn agus cothrom, ar ardchaighdeán, agus atá chun leas an phobail do na saoránaigh.

## 2. Aidhmeanna agus Téamaí Leathana

Is iad aidhmeanna leathana LDRS:

- **An daonlathas áitiúil a chosaint agus a fheabhsú:** An deis a sholáthar d’earnáil na meán chun cáilíocht agus leibhéal thuairisciú an daonlathais áitiúil a fheabhsú chun ábhar a sholáthar lena gcuideofar le pobail áitiúla tuiscint níos fearr a fháil ar chinntí beartais phoiblí agus plé, ar bhealach níos fearr, leis an daonlathas.
- **Iolracht na meán a chosaint, a fheabhsú agus a chur chun cinn:** Tacú le raon éagsúil foinsí ábhair agus glórtha, agus iad a chur chun cinn, chun iolracht na meán a chosaint agus a fheabhsú i dtimpeallacht na meán, lena n-áirítear i nGaeilge.
- **Caighdeán agus ionadaíocht a fheabhsú:** Tacú le hiriseoireacht neamhspleách ar ardchaighdeán faoi ghnóthaí poiblí áitiúla atá cruinn agus cothrom, agus atá éagsúil, inrochtana, cuimsitheach agus ionadaíoch d’Éirinn na linne seo, lena n-áirítear i nGaeilge; cleachtais atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a spreagadh agus tacú leo.
- **Tacú agus Fothú Acmhainní:** Tacaíocht a thairiscint d’earnáil na meán sa ré dhúshlánach seo chun a áirithiú go mbeidh na hacmhainní acu chun a lucht féachana agus éisteachta a chur ar an eolas agus, chun oideachas a chur orthu, faoi shaincheisteanna áitiúla, lena n-áirítear ionadaithe a toghadh go poiblí agus daoine a dhéanann breitheanna ar bheartais poiblí a thabhairt chun cuntais.

Is é an téama bunúsach ar fud an bhabhta maoinithe seo *Tuairisciú Daonlathais Áitiúil.* Cé go bhfuil sé de chuspóir lárnach ag an scéim tuairisciú cruinnithe ar údaráis áitiúla a mhaoiniú, féadfaidh iriseoirí atá fostaithe faoin scéim tascanna eile a dhéanamh, lena n-áirítear tuairisciú ar fheidhmeanna agus gníomhaíochtaí údarás áitiúil, athbhreithniú a dhéanamh ar fhoilseacháin agus taifid chun scéalta atá chun leas an phobail a shainaithint agus tuairisciú ar ábhair eile atá ábhartha maidir leis an daonlathas áitiúil atá chun leas an phobail.

### 2.1 Beart Coimhdeach

Féadfaidh an Coimisiún idir 5% agus 10% den €6m atá leithdháilte do 2024 a shannadh do thionscadail nó saothair théamacha maidir le téamaí an daonlathais áitiúil nó thuairisciú na gcúirteanna agus féadfaidh sé déanamh amhlaidh ar bhonn náisiúnta. Sa chomhthéacs sin, tá beart coimhdeach á chur chun feidhme ag an am céanna le Babhta 1 agus tá an beart coimhdeach sin ar oscailt do thograí d’iriseoireacht fadfhoirme atá chun leas an phobail. Sa chomhthéacs sin, tá maoiniú ar fáil chun cúnamh a thabhairt do sholáthraithe seirbhíse meán píosaí nó sraith fócais dhomhain a dhéanamh faoi réimse leathan saincheisteanna a eascraíonn as clúdach ar na húdaráis áitiúla nó fóraim dhaonlathacha eile, nó ábhair ghaolmhara.

Spreagfadh an Coimisiún tograí arb é is aidhm dóibh ábhar fadfhoirme trasardáin a sholáthar. Tá foirm iarratais shonrach atá le comhlánú don bheart coimhdeach sin le fáil ar cnam.submit.com.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi chuspóirí, raon feidhme agus maoiniú na Scéime, léigh An Scéim Tuairiscithe Daonlathais Áitiúil ("Doiciméad na Scéime") atá le fáil ar www.cnam.ie.

## 3. LDRS – Babhta 1

Ní mór don Choimisiún íosmhéid 50% den €6m atá leithdháilte do scéimeanna iriseoireachta in 2024 a leithdháileadh ar an scéim tuairiscithe daonlathais áitiúil. Cumhdaítear leis an maoiniú sin na deontais agus costais riaracháin na scéime.

## 4. Nósanna Imeachta chun Iarratas a Dhéanamh

### 4.1 Iarratas a Chur Isteach

Ní mór na hiarratais uile a dhéanamh tríd an bhfoirm ar líne ar cnam.submit.com faoi mheán lae ar an spriocdháta don bhabhta maoinithe mura sonraítear a mhalairt. Ní féidir iarratais a chur isteach ach amháin nuair atá babhta maoinithe ar oscailt. Beidh gach babhta maoinithe ar oscailt ar feadh ceithre seachtaine ar a laghad roimh an spriocdháta. Dícháileofar iarratais neamhiomlána. Beidh cinneadh an Choimisiúin maidir leis sin críochnaitheach.

### 4.2 Clárúchán

Aon duine atá ag iarraidh cur isteach ar an Scéim mar dhuine aonair/thrádálaí aonair, nó thar ceann comhlachta, nó thar ceann soláthraí seirbhíse meán, ní mór dó nó di a bheith cláraithe mar Iarratasóir ar cnam.submit.com. Mura bhfuil tú cinnte faoi conas iarratas a chur isteach, déan teagmháil leis an gCoimisiún ag journalism@cnam.ie chun eolas agus cúnamh a fháil.

### 4.3 Seicliosta an Iarratais

Chun iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú, ba cheart duit a bheith in ann 'tá' a thabhairt mar fhreagra ar na ceisteanna seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| **1** | Tá an Scéim Tuairiscithe Daonlathais Áitiúil agus an Treoir reatha d'Iarratasóirí – LDRS Babhta 1 léite agam | TÁ/NÍL |
| **2** | Tá mé cláraithe ar an ardán ar líne mar iarratasóir ar cnam.submit.com. | TÁ/NÍL |
| **3** | Tá mé chun an fhoirm iarratais ar líne a chomhlánú agus a áirithiú go mbeidh na deimhnithe tríú páirtí uile san áireamh leis an iarratas. Aon ábhar a mheastar a bheith rúnda marcálfar é agus déanfar an réasúnaíocht chun rúndacht a lorg a leagan amach go soiléir. | TÁ/NÍL |
| **4** | Tá na huaireanta nó an post nó na poist iriseoireachta a bheartaítear sa bhreis agus tá sé mar aidhm leis/leo tacú le hacmhainní agus/nó acmhainní a fhothú chun ábhair daonlathais áitiúil a chlúdach sa limistéar údaráis áitiúil ábhartha. | TÁ/NÍL |
| **5** | Tá mé in ann eolas agus sonraí iomchuí a sholáthar chun an saineolas eagarthóireachta is gá a léiriú chomh maith leis an gcuntas teiste láidir maidir le tiomantas d'iriseoireacht atá chun leas an phobail, anuas ar chuntasacht/fhreagracht eagarthóireachta maidir le soláthar na hiriseoireachta sin sa limistéar údaráis áitiúil ábhartha. | TÁ/NÍL |
| **6** | Tá mé in ann eolas agus sonraí iomchuí a sholáthar chun taithí agus cuntas teiste láidir an iriseora/na n-iriseoirí a bheartaítear a léiriú maidir le hiriseoireacht atá chun leas an phobail áitiúil a sholáthar sa limistéar údaráis áitiúil ábhartha. | TÁ/NÍL |
| **7** | Cuirfidh mé deimhniú ar fáil go bhfuil téarmaí agus coinníollacha fostaíochta an iriseora/na hiriseoirí a bheartáitear ar eolas ag an iriseoir/na hiriseoirí a bheartaítear agus go nglacann siad leo. | TÁ/NÍL |

| | | |
|---|---|---|
| **8** | Tá mé in ann eolas agus sonraí iomchuí a sholáthar chun an lucht féachana/éisteachta ar a bhfreastalaítear a léiriú, lena n-áirítear an leibhéal aimsithe, maidir le soláthar na hiriseoireachta atá chun leas an phobail áitiúil sa limistéar údaráis áitiúil ábhartha. | TÁ/NÍL |
| **9** | Tá an t-ábhar maoinithe uile le cur ar fáil don phobal saor in aisce. | TÁ/NÍL |
| **10** | Tá an t-ábhar maoinithe uile le comhroinnt agus le cur faoi bhráid an Choimisiúin freisin chun an riachtanas foilseacháin. 7 lá a éascú sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon. | TÁ/NÍL |
| **11** | Tá an tionscadal maoinithe le bheith faoi réir na gcód agus na gcaighdeán ábhartha de chuid rialálaí meán AE amhail an Coimisiún nó Comhairle an Phreasa. | TÁ/NÍL |
| **12** | Tá an cumas agus an acmhainn reatha agam féin agus ag an bhfoireann iarratasóirí chun an tionscadal mar atá leagtha amach a chur i gcrích, lena n-áirítear ábaltacht chun na hoibleagáidí acmhainní daonna a láimhseáil amhail párolla, clúdach saoire, saoire bhreoiteachta agus freisin, bainistiú iomchuí agus dualgas cúraim. | TÁ/NÍL |
| **13** | Tá an tionscadal réidh le tosú. | TÁ/NÍL |
| **14** | Tá aon eolas pearsanta a áirítear leis an iarratas riachtanach. | TÁ/NÍL |
| *Is é an freagra ba cheart a thabhairt ar na ceisteanna uile thuas ná 'tá'. Nuair atá tú sásta go bhfuil 1 – 14 comhlánaithe, tá tú réidh chun d'iarratas a chur isteach trí cnam.submit.com.* | | |

## 4.4 Fíorú Eolais

Ní mór an t-eolas uile a chuirtear isteach mar chuid d'iarratas ar mhaoiniú a bheith fíor agus ceart.

## 4.5 Dáta Dúnta

Ní mór an t-iarratas agus na ceangaltáin ábhartha a chur isteach trí cnam.submit.com faoi mheán lae an 17 Meán Fómhair 2024.

## 4.6 Ábhar Rúnda

Maidir le heolas atá rúnda dar leis an iarratasóir, ba cheart aird a tharraingt air agus é a mharcáil mar Ábhar Rúnda. Áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar an t-eolas sin a láimhseáil go hiomchuí lena n-áirítear tar éis an próiseas iarratais ar leith seo a chur i gcrích.

## 4.7 Saoráil Faisnéise

Geallann an Coimisiún go ndéanfaidh sé a dhícheall aon ábhar a sholáthraítear mar fhreagra ar an bpróiseas seo a choinneáil faoi rún, faoi réir oibleagáidí an Choimisiúin faoin dlí, lena n-áirítear an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Iarrtar ar Iarratasóirí agus Conraitheoirí a mheas an amhlaidh **nár** cheart nochtadh a dhéanamh ar aon chuid den eolas a sholáthraítear don Choimisiún in iarratas nó le linn conraitheoireachta ina dhiaidh sin de bharr ábhar an eolais, agus sa chás sin an t-eolas sin a shainaithint agus na cúiseanna lena íogaireacht a shonrú. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le hiarratasóirí faoi eolas atá rúnda, pearsanta nó íogair ó thaobh tráchtála de sula ndéanfar cinneadh maidir le haon iarraidh a fhaightear faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. D'fhéadfaí faisnéis den chineál sin a eisiúint mar fhreagra ar iarraidh ar shaoráil faisnéise.

## 4.8 Cosaint Sonraí

Chun an babhta maoinithe seo a oibriú go héifeachtach, beidh eolas faoin iarratasóir agus mioneolas ar an ábhar atá beartaithe ag teastáil uainn. Áireofar sna sonraí agus sa doiciméadacht sin eolas pearsanta amhail teidil phoist, tuarastail agus seoltaí ríomhphoist.

Comhlíonfaidh an Coimisiún a chuid oibleagáidí faoin Treoir le haghaidh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí, faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018 agus faoi aon dlíthe agus rialacháin príobháideachais sonraí eile is infheidhme nuair atá aon eolas pearsanta den sórt sin a chuirtear isteach chuig an tionscnamh maoinithe seo á láimhseáil agus á phróiseáil.

Úsáidfear an t-eolas a chuirtear isteach san iarratas, lena n-áirítear aon eolas pearsanta, chun an t-iarratas a phróiseáil agus le dul i gcomhairle leis an iarratasóir.

Aon eolas pearsanta a chuirtear isteach (seachas sonraí teagmhála an Chonraitheora a úsáidtear chun críocha an bhabhta), ní choinneofar é ach i gcás ina mbeidh rath ar an iarratas. Bheadh eolas den sórt sin de dhíth don chonradh maoinithe agus chun feidhmíocht an deontais agus na dtorthaí gaolmhara a mheas ina dhiaidh sin. Is féidir an t-eolas a úsáid freisin chun an scéim a athbhreithniú agus is féidir le taighdeoirí seachtracha é a úsáid. Sna cásanna sin, dhéanfaí an t-eolas pearsanta uile anaithnid.

Tá oibleagáid ar an gCoimisiún agus tá sé tiomanta do chosaint na sonraí pearsanta uile a chuirtear isteach mar fhreagra ar ghlao ar iarratais ar an mbabhta maoinithe seo. Tá Oifigeach Cosanta Sonraí ceaptha ag an gCoimisiún atá cláraithe leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí.

Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil faoi conas a phróiseálann an Coimisiún eolas pearsanta i mbeartas an Choimisiúin ag: https://www.cnam.ie/ga/ agus téarmaí agus coinníollacha an Choimisiúin ag: https://www.cnam.ie/ga/.

## 4.9 Coinbhleachtaí Leasa

Ní mór don Choimisiún an tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí (1995) agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (2001) a chomhlíonadh. Maidir leis sin, más rud é, mar iarratasóir, go dtagann tú ar eolas faoi imthosca as a bhféadfadh coinbhleacht leasa teacht i gcomhthéacs d'iarratais, ní mór duit na himthosca sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin láithreach.

## 4.10 Maoiniú Státchabhrach

Maidir leis an gCinneadh maidir le Seirbhísí lena nGabhann Leas Eacnamaíoch Ginearálta (2021/21/AE) ("Cinneadh SEGI"), tá trédhearcacht iomlán de dhíth ar an gCoimisiún i ndáil leis an maoiniú uile a sholáthraítear faoin Scéim seo agus foilsiú deontas maoinithe ar an idirlíon agus cuimsiú i dtuarascáil a chuirtear faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh gach dhá bhliain, rud a bheidh comhordaithe ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Ní mór don Choimisiún a bheith ar fáil freisin, le linn na tréimhse iontaoibhe agus ar feadh 10 mbliana ina dhiaidh sin, ionas gur féidir a bhreithniú le hiniúchtaí seachtracha féideartha AE má '*tá an t-eolas uile is gá chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil an cúiteamh a deonaíodh comhoiriúnach'* le Cinneadh SEGI. Dá réir sin, áiritheoidh an Coimisiún go gcoinneofar na taifid ábhartha uile lena n-iniúchadh ar feadh na tréimhse thuasluaite.

## 4.11 An tAcht um Thús Áite do Leanaí

Mar chomhlacht poiblí, tá oibleagáidí ar an gCoimisiún faoin Acht um Thús Áite do Leanaí (2015). I gcás ina bhfuil an Coimisiún ag maoiniú tionscadail nó gníomhaíochta lena mbaineann leanaí nó daoine fásta leochaileacha, tá oibleagáid ar an gCoimisiún agus ar an gconraitheoir araon forálacha an Achta a chomhlíonadh. Má bhaineann ceann amháin nó níos mó de do ghníomhaíochtaí beartaithe le leanaí nó daoine fásta leochaileacha, ba cheart an méid sin a chur in iúl san fhoirm iarratais. Tabhair faoi deara, mar choinníoll den mhaoiniú, iarrfar ort cóip de do Bheartas um Chosaint Leanaí/do Bheartas um Chosaint Daoine Fásta Leochaileacha a sholáthar agus dearbhuithe a sholáthar go bhfuil do thionscadal á oibriú i gcomhréir leis an Acht um Thús Áite do Leanaí. Is féidir teacht ar Threoir Náisiúnta i ndáil le Tús Áite do Leanaí anseo.

## 5. Nósanna Imeachta Measúnaithe

Tá céimeanna éagsúla sa phróiseas meastóireachta agus tá measúnú ar iarratas le critéir réamhchinnte ag baint le gach céim, critéir a bhfuil an tuarascáil ón gCoimisiún um Thodhchaí na Meán, an tAcht

Craolacháin 2009, arna leasú, agus cuspóirí an Choimisiúin mar bhonn fúthu. Is iad seo a leanas na céimeanna measúnaithe agus cinntí:

- Réamh-Mheastóireacht
- An Chéim Cháilíochtúil
- An Chéim Straitéiseach
- Céim na gCoimisinéirí

Ar mhaithe le treoir d'iarratasóirí, leagann an Coimisiún amach thíos conas a chuirfear na nósanna imeachta do gach ceann de na céimeanna i bhfeidhm agus na hiarratais á measúnú.

## 5.1 An Chéim Réamh-Mheastóireachta

Ní mór d'iarratasóirí roinnt critéir íosta a chomhlíonadh chun go gcuirfear san áireamh iad le haghaidh maoiniú. Leis sin, áirítear nach mór do na hIarratasóirí ar an scéim a bheith incháilithe chun iarratas a dhéanamh agus nach mór an t-iarratas a dhéanamh ar phoist iriseoireachta agus costais a cheadaítear leis an scéim.

Sa chomhthéacs sin, maidir le ról nó róil bheartaithe an iriseora nó na n-iriseoirí nó le ról nó róil fheabhsaithe an iriseora nó na n-iriseoirí atá le maoiniú leis an Scéim, ní mór Tuairisciú Daonlathais Áitiúil breise a dhéanamh do sholáthraí nó soláthraithe na seirbhíse meán.

Tá treoir bhreise ar na critéir sin leagtha amach thíos agus tá an Mhaitrís Scórála Réamh-mheastóireachta leagtha amach in Aguisín 1 mar eolas agus mar thagairt.

Mura gcomhlíontar aon cheann de na critéir íosta sin, dícháileofar iarratais. Beidh cinneadh an Choimisiúin maidir leis sin críochnaitheach.

### 5.1.1 Cé atá in ann iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú?

- Eintitis dhlíthiúla bhunaithe, atá in ann maoirseacht eagarthóireachta agus cuntas teiste a léiriú maidir le hábhair daonlathais áitiúil a thuairsciú san údarás áitiúil ábhartha, agus atá faoi réir córas caighdeán ábhartha de chuid rialálaí meán ábhartha AE.
- Saoririseoirí atá ina bpáirtí le heintitis dhlíthiúla bhunaithe mar atá leagtha amach thuas.

Déanfaidh an t-iriseoir/na hiriseoirí agus soláthraí nó soláthraithe na seirbhíse meán agus na daoine/na heagraíochtaí uile eile atá rannpháirteach sa tionscadal na caighdeáin nó na cóid agus na nósanna imeachta ábhartha chun gearáin a dhéanamh, a bhfuil siad faoina réir, a fhormhuiniú agus a chomhlíonadh.

### 5.1.2 Cad is féidir a mhaoiniú leis an Scéim?

*Babhta 1*

Tá maoiniú ar fáil chun acmhainní a chur ar fáil do phoist iriseoireachta (100% de na costais) agus do na costais ghaolmhara chun ailt nó tuairiscí nuachta lena gclúdaítear ábhair Daonlathais Áitiúil a chruthú agus a fhoilsiú.

Ní ghlacfar sa Scéim ach le hiarratais ar phoist atá sa bhreis ar struchtúr foirne reatha an iarratasóra agus/nó lena soláthraítear an deis le haghaidh obair lánaimseartha do chomhalta foirne atá ag obair go páirtaimseartha faoi láthair agus/nó saoririseoir a chlúdaíonn na hábhair sin faoi láthair don iarratasóir nó asraon meán eile ar bhonn níos struchtúrtha. Ní ghlacfar sa Scéim le hiarratais ar phoist iriseoireachta agus/nó clúdach/tuairisciú atá ann cheana féin agus/nó ar ábhar caighdeánach é.

Poist Nua nó Fheabhsaithe: Ní mór na poist uile a mhaoinítear a bheith nua agus/nó ní mór dálaí fostaíochta an iriseora bheartaithe a fheabhsú leo agus éilítear ar iarratasóir a leagan amach conas atá an post beartaithe 'nua' nó ina 'fheabhsú' ar dhálaí fostaíochta an iriseora bheartaithe.

Sa chomhthéacs sin, is féidir maoiniú a lorg dóibh seo a leanas:

1. Saoririseoir
2. Iriseoir páirtaimseartha
3. Iriseoir breise ar Chonradh ar Théarma Seasta
4. Téarmaí oibre feabhsaithe le haghaidh iriseoir foirne (uaireanta breise)

*Bearta Coimhdeacha*
Is féidir leis an mbeart coimhdeach 90% de na costais iomlána a bhaineann le tionscadal cúnamh chun cúnamh a thabhairt do sholáthraithe seirbhíse meán chun píosaí nó sraith fócais dhomhain a dhéanamh faoi réimse leathan saincheisteanna a eascraíonn as clúdach údarás áitiúil nó fóram daonlathach áitiúil eile, nó ábhair ghaolmhara. Tugtar tús áite d'ábhar tras-ardán fadfhoirme.

### 5.1.3 Cad iad téamaí agus ceanglais teanga na Scéime?

Is é Tuairisciú Daonlathais Áitiúil téama na Scéime seo, agus sa chomhthéacs sin, ní mór plé le hábhair gnóthaí poiblí áitiúla san ábhar maoinithe, ar nós:

- Imeachtaí na n-údarás áitiúil agus na gcoistí comhlachaithe.
- Tuairisciú ar fheidhmeanna agus gníomhaíochtaí na n-údarás áitiúil.
- Athbhreithniú ar fhoilseacháin agus taifid chun scéalta atá chun leas an phobail a shainaithint.
- Tuairisciú ar ábhair eile a bhaineann leis an daonlathas áitiúil atá chun leas an phobail.
- Aon chuid den ábhar thuas i nGaeilge.

Is féidir ábhar a fhoilsiú i nGaeilge nó i mBéarla. Cinnfear an chéad teanga go príomha le teanga chineál na tuairisce nó an ailt i.e. má tá cruinniú comhairle áitiúla á chlúdach atá á stiúradh i nGaeilge, ní mór don tuairisc a bheith ar fáil ar dtús sa Ghaeilge, agus os a choinne sin, má tá cruinniú atá á stiúradh i mBéarla á chlúdach, is féidir leis an tuairisc thosaigh a bheith i mBéarla. I gcás limistéir údaráis áitiúil ina bhfuil Gaeltacht, áireofar sa bhreithniú aird ar chruthú agus dáileadh na hiriseoireachta atá chun leas an phobail áitiúil i nGaeilge.

Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh an t-ábhar uile a mhaoinítear maidir leis Scéim seo ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla araon.

### 5.1.4 Cad iad na ceanglais maidir le foilsiú?

Ba cheart an t-ábhar a fhoilsiú a luaithe is féidir, mar shampla, tar éis an chruinnithe den údarás áitiúil nó cruinniú de chuid fóraim áitiúil eile. Áirítear leis an bhfoilseachán sin an t-alt nó an tuairisc a chomhroinnt laistigh de sheacht lá ó d'fhoilsiú.

Ní mhaoineoidh an Coimisiún ach poist iriseoireachta lena soláthraítear tuairiscí agus ailt a chomhroinntear ar an mbealach sin agus atá curtha ar fáil go poiblí ina dhiaidh sin ag an gCoimisiún. Ag céim an iarratais, éilíonn an Coimisiún ar iarratasóirí a dheimhniú go bhfuil siad tiomanta do choinníollacha éagsúla a bhaineann le haon deontas maoinithe:

- Ar fáil go poiblí: Cuirfear an t-ábhar maoinithe uile ar fáil go poiblí saor in aisce a luaithe is féidir.

- Eitic: Soláthrófar an t-ábhar maoinithe uile de réir na gcaighdeán eagarthóireachta is airde.

- Ábhar comhroinnte: Comhaontaítear go ndéanfaidh an Coimisiún an t-ábhar maoinithe uile a chomhroinnt freisin i nGaeilge agus i mBéarla araon laistigh de 7 lá ón dáta foilsithe.

  Soláthróidh an Coimisiún tairseach ar líne chun an iriseoireacht mhaoinithe a chur ar fáil go héasca d'eagraíochtaí nuachta ar fud thionscal na meán agus don phobal. Fad atá an tairseach sin ar líne á forbairt, úsáidfidh an Coimisiún a shuíomh gréasáin chun an t-ábhar a chomhroinnt.

  Tabhair faoi deara go n-eiseoidh an Coimisiún treoracha maidir le conas ba cheart ábhar a chlibeáil (lena n-áirítear téacs, fuaim, ábhar closamhairc, etc.) agus ní mór dóibh a bheith saor ó chearta.

Cóipcheart: Foilseoidh an Coimisiún comhaontú ceadúnais comhroinnte ábhair.

Creidiúintí: Ba cheart foinse an ábhair a aithint ar aon ábhar maoinithe; ba cheart a áireamh leis sin ainm an tuairisceora agus teideal na foinse maoinithe, i.e. an Scéim Tuairiscithe Daonlathais Áitiúil. Eiseoidh an Coimisiún treoir chuige sin.

Gearáin: Ní mór bealach sásaimh a bheith ag an bpobal ó thaobh próis chuí de, agus sa chomhthéacs sin, ní mór don soláthraí seirbhíse meán a bheith faoi réir córas caighdeán ábhartha agus gealltanas scríofa a sholáthar don phróiseas gearán mar atá leagtha amach ag an rialálaí ábhartha.

Ceartúcháin & Soiléirithe: Tá sé ríthábhachtach go ndéileálfar ar bhealach pras agus soiléir le haon cheartúcháin nó soiléirithe a bhaineann le ábhar a foilsíodh roimhe sin agus atá maoinithe leis an scéim seo (alt, tuairisc, fuaim, ábhar closamhairc, etc.). Is gá aird a tharraingt ar an leasú agus is gá é a ghabháil i dteideal an chomhaid ábhartha agus sna línte oscailte agus is gá é a eisiúint a luaithe is indéanta de réir shainaithint an ghá le ceartúcháin nó soiléirithe.

### 5.1.5 Seirbhísí Rochtanach

Chun éascaíocht a dhéanamh do dhaoine atá dall nó ar a bhfuil laguithe radhairc, nó atá bodhar, nó ar a bhfuil mallachar éisteachta, tuiscint a fháil ar an ábhar, ní mór ábhar maoinithe a chur ar fáil i bhformáid atá inghlactha le Rialacha Rochtana an Choimisiúin. Eiseoidh an Coimisiún treoirlínte breise maidir leis an gceanglas sin.

Meastar go bhfuil na costais a bhaineann leis na seirbhísí rochtana uile ina gcostais incháilithe agus ba cheart iad a áireamh i mbuiséad an iarratais.

### 5.1.6 Tras-scríbhinní

Ní mór tras-scríbhinn a bheith ag gabháil le haon ábhar maoinithe a cruthaíodh i bhformáidí fuaime nó closamhairc agus é á chur faoi bhráid an Choimisiúin.

### 5.1.7 Cé na costais incháilithe atá ann?

Maidir le costais, ní féidir ach costais incháilithe a mhaoiniú faoin Scéim. Le haghaidh Babhta 1, is éard atá sna costais incháilithe na costais a bhaineann le ról/róil an iriseora agus soláthar ábhar an tuairiscithe daonlathais áitiúil. Maidir leis an mBeart Coimhdeach, is ionann costais incháilithe agus na costais a bhaineann leis an tionscadal, lena n-áirítear soláthar foirne, táirgeadh, riarachán agus seachadadh ábhar tuairiscithe an daonlathais áitiúil.

I dteannta costais fostaíochta agus eagarthóireachta ghinearálta, is féidir go n-áireofar costais airgeadais, tras-scríbhinní agus forálacha rochtana (teanga chomharthaíochta, AD, etc.).

Ba cheart d'iarratasóirí réasúnaíocht a thabhairt do na costais uile ina nótaí buiséid/miondealú buiséid mionsonraithe.

Is éard is costais neamh-incháilithe ann costais a bhaineann le cruthú agus seachadadh ach nach mbaineann go díreach leis an bpróiseas cruthaitheach ná seachadadh. Ar na samplaí de chostais neamh-incháilithe tá trealamh, dímheas, costais suímh gréasáin ghinearálta, oiliúint agus costais chaipitil.

## 5.2 An Chéim Measúnaithe Cháilíochtúil

Má mheastar go bhfuil an t-iarratasóir agus an t-iarratas incháilithe i gCéim Réamh-Mheastóireachta an Mheasúnaithe, tá an t-iarratas cáilithe lena bhreithniú don deontas maoinithe. Is í an Chéim Meastóireachta Cáilíochtúla an chéad chéim eile agus lena linn sin déantar measúnú ar gach iarratas maidir lena fhiúntas féin in aghaidh critéir cháilíochtúla réamhshocraithe atá leabaithe i gcuspóirí LDRS. Déanfaidh an t-údarás áitiúil na hiarratais a chuirtear isteach do mhaoiniú Bhabhta 1 a ghrúpáil. Féadfar na hiarratais a chuirtear isteach le haghaidh Shruth Maoinithe an Bheart Choimhdigh a ghrúpáil de réir chineál, fhormáid, mhéid an togra a iarrtar agus mar sin de. Leagtar amach an Mhaitrís Scórála Measúnaithe Cháilíochtúil in Aguisín 1 mar eolas agus mar thagairt.

Déanfaimid measúnú ar conas a léiríonn tú go bhfeabhsófar leis na torthaí ar a mbeartaíonn tú iolracht foinsí agus ábhar do phobail mheáin, lena n-áirítear an leibhéal aimsithe pobail meán; cáilíocht an iarratais, lena n-áirítear léiriú ar shaineolas agus cóid eagarthóireachta; cuntas teiste maidir le hábhair a bhaineann le gnóthaí poiblí áitiúla a chlúdach; na comhpháirtíochtaí atá beartaithe, lena n-áirítear conas a bheidh an méid sin ina thaca le haimsiú an phobail meáin fhéideartha a uasmhéadú agus indéantacht a bhfuil beartaithe; léiriú ar luach ar an airgead; agus, cé chomh maith is a léirigh an t-iarratasóir go gcloífidh sé nó sí leis na caighdeáin eiticiúla agus ghairmiúla is airde i gcleachtais iriseoireachta agus fostaíochta.

Is ann do 3 cinn de chritéir éigeantacha. Ní mór d'iarratasóir scór 50% nó níos mó a bhaint amach i ngach ceann de na critéir éigeantacha chun cáiliú do mheasúnú breise don deonú maoinithe. Is iad seo a leanas na critéir éigeantacha measúnaithe:

- Luach Iriseoireachta chun Leas an Phobail, Breisíocht agus Cáilíocht an Iarratais
- Féidearthacht, Acmhainní agus Cás Déanta do Mhaoiniú
- Eitic

## 5.3 An Chéim Measúnaithe Straitéisigh:

Sna cásanna ina bhfuil níos mó iarratais cháilithe ná maoiniú ar fáil, beidh céim mheasúnaithe eile ag an gCoimisiún. Leis sin díreofar ar cháilíocht na n-iarratas aonair agus pacáiste foriomlán na ndeontas maoinithe is fearr a chomhlíonann aidhmeanna na Scéime i dteannta a chéile. Ansin, cuirfear pacáiste deiridh de mholtaí faoi bhráid na gCoimisinéirí lena bhreithniú agus lena dhaingniú. Leagtar amach an Mhaitrís Scórála Measúnaithe Straitéisigh in Aguisín 1. Is iad seo a leanas na critéir mheasúnaithe don chéim seo:

- Éagsúlacht foinsí agus ábhair
- Éagsúlacht agus leibhéal cruthaithe deiseanna nua agus/nó dálaí fostaíochta feabhsaithe
- An leibhéal comhair agus comhroinnte ábhair a léiríodh agus aimsiú gaolmhar an phobail meáin
- Moltaí ó na painéil mheasúnaithe
- Inbhuanaitheacht Comhshaoil
- An Ghaeilge

## 5.4 Breithniú an Choimisinéara

Sa chéim dheiridh déanfaidh an Coimisinéir breithniú ar an bpacáiste de mholtaí a eascraíonn as na céimeanna measúnaithe roimhe sin. Tar éis daingniú, tabharfar fógra do gach iarratasóir mar ríomhphost faoin gcinneadh maoinithe a bhaineann lena iarratas.

## 5.5 An Próiseas Cinnteoireachta

Leanfaidh an Coimisiún na nósanna imeachta seo a leanas chun oiriúnacht iarratasóra do dheontas maoinithe a chinneadh:

5.5.1 Déanfar meastóireacht tosaigh ar gach iarratas chun a áirithiú go gcomhlíonfar leis critéir cháilithe na scéime, lena n-áirítear incháilitheacht an iarratasóra, agus go mbeidh an t-eolas agus an doiciméadacht uile is gá curtha isteach. Dícháileofar aon iarratasóir nach gcomhlíonann aon cheann de na critéir a liostaítear, agus eiseofar é nó í ón bpróiseas iarratais (féach Aguisín 1). Seiceálfaidh foireann an Choimisiúin an raibh aon choinbhleachtaí leasa féideartha ann leis na measúnóirí roimh aon iarratais a dháileadh ar an gcéad chéim eile den mheasúnú.

5.5.2 Déanfar na hiarratais incháilithe a shocrú ina ngrúpaí ansin agus sannfar do Phainéal Measúnaithe Cháilíochtúil iad. Mar eolas, i gcás iarratais mhaoinithe Bhabhta 1, cuirfidh an limistéar cúirte bonn eolais faoi na grúpálacha. Le haghaidh iarratais ar chistiú an Bhirt Choimhdigh, féadfaidh na grúpálacha a bheith bunaithe ar chineál, formáid, méid a iarrtar agus mar sin de.

D'fhéadfadh an Painéal a bheith comhdhéanta d'fhoireann an Choimisiúin nó d'fhoireann an Choimisiúin agus measúnóirí seachtracha, agus fad atá gach painéal á leagan amach, déanfaidh an Coimisiún na scileanna agus an taithí iomchuí is gá chun measúnú a dhéanamh ar na tionscadail a chur san áireamh. Déanfaidh gach comhalta den phainéal measúnú ar gach iarratas go neamhspleách agus ansin tionólfar cruinniú chun gach iarratas a phlé. Tiocfaidh an painéal ar chomhaontú maidir le scór do gach iarratas, agus tiocfar ar chomhaontú maidir le liosta de na moltaí maoinithe. Ansin, déanfaidh an Feidhmeannach dréacht de na hábhair ar thángthas ar chomhaontú ina leith a scaipeadh ar gach comhalta den phainéal lena phlé agus lena fhormheas. Nuair a chuirfear cruinnithe measúnaithe uile an phainéil i gcrích, lena n-áirítear críochnú dhoiciméadacht na gcruinnithe measúnaithe, cuirfear liosta iomlán na moltaí maoinithe i dtoll a chéile. Ba cheart deontas maoinithe a mheas do gach limistéar agus a bhronnadh ar an iarratas is láidre, arna chomhaontú ag an bpainéal. Dhá liosta ar leith a bheidh ann; iad sin a cháilíonn faoi mhaoiniú ginearálta Bhabhta 1 agus iad sin a cháilíonn faoi shruth maoinithe an Bhirt Choimhdigh.

Maidir le maoiniú Bhabhta 1 go ginearálta, ba cheart deontas maoinithe a mheas do gach limistéar agus a bhronnadh ar an iarratas is láidre, faoi réir na caighdeáin is gá a bhaint amach, arna chomhaontú ag an bpainéal. Ansin, breithneofar na deontais maoinithe iomlána do mhaoiniú Bhabhta 1 agus sruth maoinithe an Bhirt Choimhdigh agus má bhíonn an méid maoinithe molta níos lú nó níos má ná an méid atá ar fáil don bhabhta nó do Shruth Maoinithe an Bhirt Choimhdigh, beidh gá le céim measúnaithe straitéisigh.

5.5.3 Bíonn comhaltaí sinsearacha lucht bainistíochta an Choimisiúin agus comhaltaí foirne atá rannpháirteach i mbabhta na Scéime a reáchtáil ar an bPainéal Measúnaithe Straitéisigh. Breithníonn an fóram sin scóir na Céime Measúnaithe Cháilíochtúil, moltaí an Phainéil agus na critéir straitéiseacha i dteannta a chéile. Tá oibleagáid ar an gCoimisiún féachaint le cothromaíocht a bhaint amach maidir le torthaí ábhair lena n-éascaítear an meascán is fearr d'fhoinsí iriseoireachta ar ardchaighdeán bunaithe ar na hiarratais a fuarthas don bhabhta. I gcás mhaoiniú Bhabhta 1, ba cheart deontas maoinithe a thabhairt do gach limistéar faoi réir na caighdeáin

iomchuí a chomhlíonadh.   Na hiarratais lena gcomhlíontar cuspóirí an bhabhta maoinithe agus na scéime ar an mbealach is fearr agus lena mbaintear amach na scóir is airde, dá réir sin, deonófar maoiniú dóibh.  Sa chomhthéacs sin, agus i bhfianaise leibhéal an mhaoinithe fhoriomláin atá ar fáil, is féidir go bhfaigheadh limistéir údaráis áitiúil áirithe níos mó ná deontas maoinithe amháin.

Ar an mbealach céanna, na hiarratais lena gcomhlíontar cuspóirí an bhirt choimhdigh agus na scéime ar an mbealach is fearr agus lena mbaintear amach na scóir is airde, dá réir sin, deonófar maoiniú dóibh.

5.5.4 Sa chéim dheiridh déanfaidh na Coimisinéirí na cinntí deiridh maidir leis na hiarratais, i bhfianaise na moltaí a eascraíonn as na céimeanna measúnaithe roimhe sin.

## 5.6 Cinntí Maoinithe

***Iarratais rathúla***
I gcás ina bhformheasann an Coimisiún iarratas ar mhaoiniú, beidh na céimeanna seo a leanas le leanúint:

- Cuireann an Coimisiún an t-iarratasóir ar an eolas faoin gcinneadh, agus aon choinníoll/choinníollacha a ghabhann leis an tairiscint á leagan amach.
- Cuirfidh an Coimisiún liosta de na tairiscintí maoinithe atá daingnithe ag na Coimisinéirí ar fáil don phobal.
- Ní mór don iarratasóir a n-éireoidh leis/léi a dheimhniú go nglacann sé/sí leis an tairiscint mhaoinithe agus le haon choinníoll/choinníollacha a ghabhann leis sin ón gCoimisiún.
- Ceanglaítear ar iarratasóir rathúil comhaontú conarthach a dhéanamh leis an gCoimisiún, ar théarmaí a shonróidh an Coimisiún. Áirítear ar théarmaí den sórt sin sceideal a bhaineann le tarraingt anuas cistí ag iarratasóir.  Riarann an Coimisiún cistí de réir théarmaí an chomhaontaithe chonarthaigh.

***Iarratais mhírathúla***
Sa chás inar dhiúltaigh an Coimisiún d'iarratas ar mhaoiniú, tugtar fógra d'iarratasóirí ar bhonn aonair agus tugtar eolas dóibh maidir leis an gcaoi ar éirigh lena n-iarratais sa phróiseas measúnaithe.  Léireofar an chéim a diúltaíodh don iarratas san fhógra a thugtar don iarratasóir maidir leis an gcinneadh maoinithe:

- Má dhiúltaítear don iarratas le linn na Céime Measúnaithe Cáilíochta, léireofar 'Diúltaithe – Réamhchéim' ar an bhfógra.
- Má dhiúltaítear don iarratas le linn na Céime Measúnaithe Cháilíochtúil, léireofar 'Diúltaithe – Céim 1' ar an bhfógra nuair a bheidh an Babhta daingnithe.
- Má dhiúltaítear don iarratas le linn na Céime Measúnaithe Straitéisigh, léireofar 'Diúltaithe – Céim 2' ar an bhfógra nuair a bheidh an Babhta daingnithe.

## 5.7 Conraitheoireacht

Agus conraitheoireacht á déanamh leis an gCoimisiún, éileofar ar iarratasóir rathúil táirgí insoláthartha áirithe a sholáthar don Choimisiún.  Mar eolas, tá liosta neamhchuimsitheach den mhéid a bheadh de dhíth ag an gcéim chonraitheoireachta ar fáil thíos.  Tabhair faoi deara nach gá do na doiciméid sin a bheith i bhfeidhm agus iarratas á dhéanamh, tá siad san áireamh anseo ar mhaithe le treoir, agus sin amháin.

- Buiséad agus Plean Airgeadais
- Plean an tionscadail, lena n-áirítear garspriocanna, aschur agus torthaí
- Sonraí Deontais
- Ráiteas Gealltainais Sínithe ón gCathaoirleach nó ón Rialtóir Airgeadais
- Litir Fritháirimh ar bith ón mBanc ábhartha

- Eolas maidir le hImréiteach Cánach
- Polasaí Árachais

Tuairisciú
Ní mór don deontaí tuairisciú ar chaiteachas an deontais le deimhniú gur úsáideadh é chun na críche atá leagtha amach san iarratas ar mhaoiniú agus mar atá formheasta ag an gCoimisiún nuair a dheonaítear an maoiniú. Beidh gá le tuarascálacha ar thorthaí an tionscadail. Soláthróidh an Coimisiún treoirlínte le haghaidh na tuarascála ar thorthaí.

Maidir leis sin, ní mór do na deontaithe uile tuarascáil deiridh a chur isteach laistigh de dhá mhí ó dháta críochnaithe an tionscadail agus an chomhaontaithe deontais. Ba cheart eolas a bheith sna tuarascálacha uile maidir le conas a caitheadh an t-airgead agus maidir leis na torthaí a baineadh amach. Ba cheart a áireamh leis sin fianaise ar aimsiú pobail meán, ar fud ardán, lena n-áirítear lucht léitheoireachta, lucht éisteachta, lucht féachana agus idirghníomhú ar líne, aon aiseolas lena n-áirítear na meáin shóisialta agus cóipeanna agus/nó sleachta d'aon ailt nó tuairiscí ar leith ar mian leat aird a tharraingt orthu. Iarrtar ort foirm na Tuarascála Deiridh Tionscadail a d'fhoilsigh an Coimisiún a úsáid.

Iniúchadh
Ní mór do gach deontaí fianaise dhoiciméadach a choinneáil ar chaiteachas a tabhaíodh in aghaidh an deontais chun críoch iniúchta. Déanfaidh an Coimisiún iniúchtaí randamacha amhail dá bhforáiltear i gconradh maoinithe an Coimisiún. Tá na conarthaí maoinithe uile agus na táirgí insoláthartha agus na scaireanna airgeadais uile ar oscailt freisin d'iniúchtaí AE.

Dúbláil Maoinithe
Má bhíonn rath ort iarrfar ort a dheimhniú nach bhfuil costais na ngníomhaíochtaí atá beartaithe á gcomhlíonadh le haon fhoinse eile.

## 5.8 Séanadh

Maidir leis an eolas a sholáthraítear sa doiciméad seo, ní cuntas uileghabhálach é ar na ceanglais reachtúla agus na hoibleagáidí dlíthiúla atá ar iarratasóirí ar mhaoiniú faoin Scéim. Níor cheart a mheas gur ráiteas iomlán ná údarásach é ar an dlí.

Ba cheart do dhaoine dá gcuirtear an doiciméad seo ar fáil a measúnú neamhspleách féin a dhéanamh tar éis a gcomhairle ghairmiúil féin a ghlacadh agus pé iniúchtaí breise a dhéanamh, a mheasann siad is gá maidir leis na hábhair ábhartha uile. Ní dhéanann an Coimisiún aon ionadaíocht ná baránta, de chineál sainráite nó intuigthe, maidir leis an eolas atá sa doiciméad seo ná maidir le haon eolas ó bhéal nó i scríbhinn a chuirtear ar fáil nó atá le cur ar fáil d'aon iarratas féideartha nó dá chomhairleoirí gairmiúla. Déantar aon dliteanas maidir leis sin a shéanadh go sainiúil.

## Aguisín 1 – Maitrísí Scórála Measúnaithe

### An Mhaitrís Scórála Measúnaithe Cáilíochta

| **Critéir** | *Tá/ Níl* |
|---|---|
| Incháilitheacht: *An bhfuil an t-iarratasóir incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú faoin Scéim Tuairiscithe Daonlathais Áitiúil agus an bhfuil ceanglais bhunúsacha na scéime á gcomhlíonadh leis an iarratas? Tá an méid sin ag féachaint do na nithe seo a leanas:* | |
| *a) tá stádas an iarratasóra i gcomhréir le ceanglais na scéime agus an tsrutha maoinithe; an bhfuil an t-iarratasóir ina eintiteas nó ina heintiteas atá faoi réir córas caighdeán ábhartha nó ina shaoririseoir nó ina saoririseoir atá ina pháirtí nó ina páirtí le heintiteas den sórt sin; ag a bhfuil saineolas, acmhainn agus cóid eagarthóireachta agus a mheastar go hiondúil mar fhoinse dhílis d'ábhar daonlathais áitiúil agus ag a bhfuil fianaise ar an saineolas sin soláthartha mar aon le comhsheasmhacht ó thaobh iriseoireacht atá chun leas an phobail áitiúil a sholáthar i limistéar an údaráis áitiúil ábhartha; ag a bhfuil cuntas teiste ar an ábhar sin a sholáthar don phobal / don lucht féachana/éisteachta i limistéar an údaráis áitiúil ábhartha.* | |
| *b) tá Rialachas Corparáideach agus Bainistíocht Airgeadais agus acmhainn éifeachtach á léiriú ag an iarratasóir nó ag na hiarratasóirí chun tacú le post/poist nó uaireanta iriseoireachta breise;* | |
| *c) tá an méid maoinithe a iarrtar réasúnta.* | |
| Feabhsú ar leas an phobail trí Thuairisciú Daonlathais Áitiúil: *An bhfuil deimhniú soláthartha ag an iarratasóir go mbaineann an tionscadal beartaithe go díreach leis an téama sin agus gurb é is aidhm dó an cuspóir sin atá chun leas an phobail a chomhlíonadh?* | |
| An bhfuil an tIarratas Comhlánaithe? *An bhfuil na treoirlínte comórtais uile comhlíonta ag an iarratasóir agus an bhfuil an doiciméadacht ábhartha uile curtha isteach?* | |

***Mura gcomhlíontar aon cheann de na critéir íosta sin, ní dhéanfar tuilleadh breithnithe ar iarratais. Soláthróidh an Coimisiún aiseolas mionsonraithe don Iarratasóir maidir le haon cheisteanna a shainaithnítear.***

## An Mhaitrís Scórála Measúnaithe Cháilíochtúil

| Critéir Éigeantacha | An Scór atá ar Fáil |
|---|---|
| Luach Iriseoireachta chun Leas an Phobail, Breisíocht agus Cáilíocht an Iarratais: *Cá mhéad a léirítear leis an togra go gcuirfear le cruthú iriseoireachta breise atá chun leas an phobail do shaoránaigh agus go gcuirfear le haidhmeanna agus cuspóirí Bhabhta 1 de LDRS leis? Cá mhéad a thugtar aghaidh leis an togra ar éagsúlacht i gcruthú ábhair agus a sholáthraítear soiléire agus fianaise ar na pobail meáin bheartaithe, agus inrochtaineacht ábhair agus a dtairgtear leis do na pobail mheáin sin ó thaobh an daonlathais áitiúil de?*<br>*Babhta 1 Sruth Maoinithe – Cá mhéad a léiríonn an t-iarratasóir ábaltacht chun rannchuidiú le clúdach atá i mbaol nó ar iarraidh faoi láthair i limistéar an údaráis áitiúil ábhartha agus a neartaíonn sé nó sí an daonlathas áitiúil i limistéar nó limistéir an údaráis ábhartha?*<br>*Sruth Maoinithe Choimhdigh – Cá mhéad a léiríonn an t-iarratasóir ábaltacht chun rannchuidiú le hábhar fadfhoirme atá i mbaol nó ar iarraidh go háitiúil, go réigiúnach agus/nó go náisiúnta agus a neartaítear daonlathas áitiúil don saoránach ar bhonn áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta?* | 50 |
| Féidearthacht, Acmhainní agus Cás déanta do mhaoiniú, (lena n-áirítear cuntas teiste, maidir le heagarthóireacht agus soláthar iriseoireachta chun leas an phobail araon): *Cá mhéad a léirítear leis an togra ábaltacht chun tacú leis an ról/leis na róil iriseoireachta mhaoinithe 'bhreise' nó leis na huaireanta iriseoireachta 'breise', lena n-áirítear ó thaobh airgeadais agus dlí de, agus dualgas cúraim agus leibhéal eolais agus taithí freisin maidir le heagarthóireacht a dhéanamh ar iriseoireacht atá chun leas an phobail agus pé acmhainn iriseoireachta chun tacú leis an tionscadal maoinithe i limistéar an údaráis áitiúil ábhartha? Cá mhéad a léirítear leis an togra eolas agus taithí maidir le hiriseoireacht atá chun leas an phobail a chruthú agus a sholáthar?*<br>*An mínítear na hacmhainní a bheartaítear go soiléir, agus an bhfuil siad dóthanach agus réalaíoch i gcomhthéacs an togra? An mínítear leis an mbuiséad agus le nótaí an bhuiséid cén fáth a bhfuil gá le línte costais ar leith agus a bhfuil údar leo i gcomhthéacs na hiriseoireachta chun leas an phobail atá beartaithe? An léirítear luach ar airgead leis an togra agus an bhfuil an méid maoinithe atá á iarraidh ón gCoimisiún réalaíoch? Ar chuir an t-iarratasóir aon chomhpháirtíochtaí foirmiúla nó neamhfhoirmiúla i gcrích le tríú páirtithe ábhartha? Má chuir, cén leibhéal agus cén cineál acmhainne atá i gceist agus cén leibhéal feabhsúcháin a thugtar léi don togra? Cá mhéad atá an t-ábhar iriseoireachta, atá chun leas an phobail, agus dá bhfuiltear tiomanta, faoi bhagairt? Cuntas teiste an Iarratasóra agus an phríomhphearsanra atá rannpháirteach sa tionscadal, lena n-áirítear sonraí tacaíochta amhail CVanna a leagtar amach san iarratas, agus ar léirigh an t-iarratasóir go bhfuil acmhainn ann nó inti é a chur i gcrích? Cén líon táscach Cruinnithe den Údarás Áitiúil agus cruinnithe áitiúla/réigiúnacha ábhartha eile dá bhforáiltear sa togra?* | 40 |
| Eitic (Caighdeáin Eagarthóireachta agus Iriseoireachta): *Cá mhéad a léirítear leis an togra go bhfuil an acmhainn agus na scileanna riachtanacha ag an Iarratasóir chun a áirithiú go mbeidh an t-inneachar maoinithe uile i gcomhréir le dea-chleachtas i gcaighdeáin eagarthóireachta agus iriseoireachta agus i gcleachtais fostaíochta le haghaidh aon phost/phoist iriseoireachta a mhaoinítear? An soláthraítear beartas eagarthóireachta soiléir lena n-áirítear treoir eagarthóireachta d'aon phost/phoist chun cáilíocht an ábhair, comhlíonadh cód agus caighdeán ábhartha agus próiseas sásaimh/gearán mionsonraithe a áirithiú?* | 10 |

***Ní mór d'Iarratasóir 50% ar a laghad a scóráil faoi gach critéar chun cáiliú lena mheas nó lena meas do dheontas maoinithe.***

Coimisiún na Meán

## An Mhaitrís Scórála Measúnaithe Straitéisigh

| Critéir | An Scór atá ar Fáil |
|---|---|
| Éagsúlacht foinsí agus ábhair: *Tabharfar aird ar an leibhéal a léiríonn an tIarratasóir éagsúlacht sa togra, sa chur chuige agus sa chur chun feidhme araon, agus ar na seirbhísí rochtana a sholáthrófar d'aon ábhair fuaime nó closamhairc maoinithe.*<br>*Babhta 1 Sruth Maoinithe – Chun a áirithiú go gcruthófar agus go bhfoilseofar réimse éagsúil iriseoireachta atá chun leas an phobail do shaoránaigh ar fud na tíre, is gá cothromaíocht a bhaint amach maidir le deonú cistí ar fud limistéir an údaráis áitiúil, na bhfoinsí agus na bpobal meán.*<br>*Sruth Maoinithe Choimhdigh – Chun a áirithiú go gcruthófar agus go bhfoilseofar réimse éagsúil iriseoireachta atá chun leas an phobail do shaoránaigh ar fud na tíre, is gá cothromaíocht a bhaint amach maidir le deonú cistí ar fud limistéar (áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta), foinsí agus pobail mheáin.* | 30 |
| Éagsúlacht, deiseanna nua agus/nó dálaí fostaíochta feabhsaithe: *A mhéid a léirigh an tIarratasóir an bhreisíocht a éascófar leis an togra ó thaobh éagsúlachta agus deiseanna nua agus/nó dálaí fostaíochta feabhsaithe d'aon iriseoir agus/nó iriseoirí féideartha sainaitheanta?* | 30 |
| Comhoibriú agus Comhroinnt Ábhair (lena n-áirítear ar fud ardán): *Ar mhol an tIarratasóir aon chomhpháirtíocht(aí) agus má mhol, conas a neartaítear léi nó leo an t-iarratas ó thaobh aidhmeanna agus chuspóirí an bhabhta maoinithe lena n-áirítear méid agus éagsúlacht aimsiú an phobail meáin?* | 20 |
| Inbhuanaitheacht Comhshaoil: *Ar sholáthair an tIarratasóir sonraí ar chur chuige maidir le cruthú ábhair atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus aon tionscnaimh atá ina gcuidiú chun tionchar ghníomhaíochtaí an Iarratasóra ar an gcomhshaol a laghdú?* | 10 |
| An Ghaeilge: *Ní mór don Choimisiún a áirithiú go mbaineann 25% ar a laghad den mhaoiniú a dheonaítear le hiriseoireacht na Gaeilge atá chun leas an phobail. Ní mór don Iarratasóir a léiriú go soiléir go mbeidh an t-ábhar a chruthófaí i nGaeilge i gcomhréir le riachtanais na bpobal meáin, lena n-áirítear cainteoirí na Gaeilge, agus go mbeidh an leibhéal íosta inniúlachta ag aon iriseoir nó iriseoirí sainaitheanta nó beartaithe ar leibhéal B2 den Chreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach agus ar leibhéal C1 i dTeanga na Limistéar Pleanála, sna Bailte Seirbhíse Gaeltachta agus sna Líonraí Gaeilge. Tabharfar aird freisin ar conas a rachaidh an iriseoireacht chun leas an phobail a bheartaítear sa Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta ábhartha chun tairbhe do phobal labhartha na Gaeilge sa limistéar sin.* | 10 |
| Scór Measúnaithe Cháilíochtúil: *Scór arna bhronnadh ag an bPainéal Measúnaithe Cháilíochtúil.* | |